**Leabhrán Faisnéise Iarrthóra**

Eagróidh *Séamus Daltún,* thar ceann Údarás na Gaeltachta, comórtas le duine a mholadh le ceapadh sa phost:

Ceannasaí Mol Digiteach

Grád: Príomhoifigeach

Suíomh: Aon cheann d'oifigí Údarás na Gaeltachta

**Spriocdháta: 4 i.n., Dé Céadaoin, 23 Iúil 2025**

Tá *Séamus Daltún* tiomanta do bheartas comhionannas deiseanna.

Reáchtálfaidh sé an feachtas seo ag comhlíonadh an Chóid Cleachtais i gcomhair Ceapacháin i bPostanna sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) a bhfuil fáil air ag www.cpsa.ie

## Teagmhálaí: seamus@daltun.ie

Cé gur glacadh gach cúram réasúnach lena dheimhniú nach bhfuil an doiciméad seo, atá bunaithe ar eolas ónár gcliant, míchruinn nó míthreorach, ní féidir ráthaíocht a thabhairt faoina chruinneas, agus dá bhrí séantar leis seo gach freagracht maidir le muinín a chur ina bhfuil sna nótaí eolais seo (nó in aon chuid díobh).

Ní féidir iomlán nó aon chuid de na nótaí eolais seo a roinnt le haon tríú páirtí nó a fhoilsiú gan cead i scríbhinn roimh ré.

**ÚDARÁS NA GAELTACHTA**

**CEANNASAÍ MOL DIGITEACH A CHEAPADH**

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta ("an tÚdarás") sa bhliain 1980, faoin Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979. Achtaíodh dhá Phríomh-Acht leasaithe ó shin: an tAcht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999, agus Acht na Gaeltachta 2012. Tá an ghníomhaireacht Stáit seo freagrach as forbairt teanga, cultúir, shóisialta agus eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn.

Tá dualgas ar an Údarás freisin cloí le raon de cheanglais reachtúla agus riaracháin eile de chuid an Stáit agus de chuid an Aontais Eorpaigh (AE).
Is é misean an Údaráis pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus ar an mbealach sin úsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga phobal na Gaeltachta a chothú, a neartú agus a bhuanú.
Déanann Bord rialaithe ar a bhfuil Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta arna gceapadh ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, mar aon le foireann de thart ar 115 duine, sainchúram forbartha na gníomhaireachta a chur i bhfeidhm.

**Cuspóirí Teanga agus Cultúir**

Faoi mar atá leagtha síos sa reachtaíocht, cinntíonn an tÚdarás gurb í an Ghaeilge a úsáidtear an oiread agus is féidir nuair a bhíonn sé ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna nó nuair a chomhlíontar a fheidhmeanna thar a cheann.

Bíonn caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge ag croílár ghníomhaíochtaí uile na heagraíochta. Cuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil do réimse gníomhaíochtaí straitéiseacha teanga agus cultúir agus tacaíonn sé leis an teanga go díreach trí ghnásanna na heagraíochta féin.

Comhoibríonn an tÚdarás le daoine aonair, le grúpaí pobail agus le cuideachtaí a chothaíonn an Ghaeilge agus a chuireann timpeallacht leanúnach ar fáil inar féidir leis an teanga dul i dtreis.

Tacaíonn an tÚdarás le roinnt gníomhaíochtaí teanga ar leith lena n-áirítear:

- An clár tacaíochta don phróiseas pleanála teanga;
- An clár tacaíochta do chur chun cinn na Gaeilge ina chliantchomhlachtaí;
- Naíonraí agus seirbhísí cúraim leanaí eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge;
- Soláthar cúrsaí tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí forbartha oideachais, teanga, óige agus pobail trí Ghaeilge;
- Ionaid foghlama teanga phobalbhunaithe;

Níos leithne fós, cuireann an tÚdarás earnáil na Gaeilge chun cinn sa Ghaeltacht trí thacú le deiseanna gnó. Cuireann an tÚdarás comhairle agus cúnamh praiticiúil ar fáil freisin le dearcadh dearfach ar an nGaeilge a chinntiú i gcuideachtaí a fhaigheann deontais ón Údarás agus iad suite i limistéir Ghaeltachta. Spreagtar na cuideachtaí sin le gníomhaíochtaí a chothú go hinmheánach agus sa phobal áitiúil le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

Faoi Acht na Gaeltachta, 2012, tugadh feidhm reachtúil don Údarás maidir leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a chur i bhfeidhm. San áireamh ansin tá próiseas pleanála teanga do gach ceantar Gaeltachta. Faoi Acht 2012, ainmníonn an tAire Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta agus ní

mór pleananna teanga a aontú leis na pobail sna limistéir sin, de réir Chritéir Pleanála Teanga a shonraítear san Acht (Alt 12) agus sna Rialacháin um Acht na Gaeltachta, 2012 (Alt 12), 2013. Tá ról sonraithe do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar do na limistéir sin freisin ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail áitiúla. Oibríonn an tÚdarás go dlúth le Foras na Gaeilge ó thaobh fheidhmiú an phróisis pleanála teanga i gcás na mBailte Seirbhíse Gaeltachta, i gcomhar leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

**Cuspóirí Eacnamaíochta**
Aithnítear gurb é forbairt an bhoinn eacnamaíochta trí fhostaíocht a chruthú an bealach is fearr leis an daonra sa Ghaeltacht a chaomhnú agus a threisiú, agus gur ar an mbonn sin a dhéanfar an teanga a chaomhnú agus borradh a chur fúithi, rud atá mar chuid lárnach den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030.

Cuidíonn an tÚdarás le daoine sna pobail Ghaeltachta acmhainní áitiúla a fhorbairt. Lena chois sin, meallann an tÚdarás infheistíocht chuig an nGaeltacht trí réimse dreasachtaí a chur ar fáil d'fhiontair nua agus trí thacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil do ghnólachtaí atá ann cheana féin.

Cuidíonn an eagraíocht le gnólachtaí agus iad ag forbairt margaí, teicneolaíochtaí, táirgí agus comhaontais straitéiseacha nua trí thaighde agus forbairt. Feidhmíonn na cuideachtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht i raon leathan earnálacha tráchtála lena n-áirítear an turasóireacht, próiseáil éisc agus uisceshaothrú, fuinneamh in-athnuaite, bia, eolaíochtaí na beatha, teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide, déantúsaíocht nideoige, gnóthaí closamhairc agus na meáin dhigiteacha, na healaíona, gnóthaí cultúrbhunaithe agus ceardaíocht.

Tá punann foirgneamh tionsclaíoch nua-aimseartha, páirceanna gnó agus eastáit tionsclaíochta agus ionaid eile ghnó ag an Údarás chomh maith.

Tá os cionn 9,500 duine fostaithe i gcliantchuideachtaí de chuid an Údaráis, idir fhostaíocht pháirtaimseartha agus fhostaíocht lánaimseartha. Tá an tÚdarás ag féachaint le cur leis an bhfostaíocht trí chuidiú le muintir na Gaeltachta a gcuid scileanna agus a gcuid saineolais a fhorbairt. Bíonn cláir fhairsinge oiliúna agus oideachais á dtairiscint ag an Údarás do ghrúpaí, do dhaoine aonair agus do chuideachtaí.

Mar aon le gnólachtaí dúchasacha, tá infheistíocht déanta ag cuideachtaí as na tíortha seo a leanas sa Ghaeltacht: an Bheilg, Ceanada, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iorua, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe. Baineann éagsúlacht fiontar le cliantchuideachtaí an Údaráis ó ghnólachtaí beaga ceardaíochta go cuideachtaí nua-aimseartha ilnáisiúnta.

**Misean Sóisialta**
Déanann an tÚdarás freastal ar chomharchumainn phobail agus ar chomhlachtaí forbartha pobail sa Ghaeltacht. Cothaítear chomh maith na heagraíochtaí deonacha a chuireann an chomhairle, an cúnamh agus an chabhair airgid ar fáil a thacaíonn leis na grúpaí pobail sin.
Chomh maith leis sin, oibríonn an tÚdarás go dlúth le grúpaí pobail chun scéimeanna fostaíochta sóisialta a riaradh, le clubanna óige agus grúpaí réamhscoile agus iarscoile a bhainistiú, agus le cur leis an mbonneagar sóisialta le gníomhaíochtaí cúnaimh a chur ar fáil do dhaoine aosta agus daoine faoi mhíbhuntáiste.



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

**Cur Chuige Straitéiseach**

Leanann Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta an cur chuige comhpháirtíochta Eorpach, lena mbaineann réimse leathan de rannpháirtíocht phoiblí, phríobháideach agus phobail. Is é an aidhm atá leis ná cothromaíocht a aimsiú idir cuspóirí eacnamaíochta agus riachtanais shóisialta agus chultúir.

Tá dhá príomhthéama ag baint le Plean Straitéiseach an Údaráis faoi láthair:

Tacú le hacmhainní teanga, pobail agus cultúir agus forbairt a dhéanamh orthu, agus

Nuálaíocht a chothú agus iomaíochas a fhorbairt trí fhiontraíocht agus acmhainní daonna.

Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar an straitéis ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbaineann an tÚdarás a chuspóirí amach le linn thréimhse an Phlean.

**An Todhchaí**

Tá athruithe móra tarlaithe agus ag tarlú sa timpeallacht ina bhfuil an tÚdarás ag feidhmiú. I measc na n-athruithe sin áirítear:

- Timpeallacht eacnamaíoch atá de shíor ag athrú: cruthaíonn an téarnamh eacnamaíoch atá ag tarlú ar bhonn domhanda agus go háitiúil deiseanna agus dúshláin nua;
- An ról lárnach atá leagtha ar an Údarás i dtaca leis an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 a d'fhoilsigh an Rialtas i mí na Nollag 2010 agus as ar éirigh athstruchtúrú agus leasuithe foirne san Údarás chun tabhairt faoi na cúraimí agus na dúshláin nua atá i gceist;
- Acht na Gaeltachta, 2012 agus leasuithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003;
- Rialachas Corparáideach atá treisithe go mór maidir le feidhmeanna tráchtála agus poiblí le blianta beaga anuas;
- Béim ar sheirbhísí, idir sheirbhísí trádála idirnáisiúnta agus sainseirbhísí ar nós tionscadail theangabhunaithe mar fhoinse fostaíochta nua;
- Riar níos mó den fhostaíocht á chruthú ó scileanna a bhíonn bunaithe ar eolas agus ar inniúlachtaí;
- An Breatimeacht agus timpeallacht nua Eorpach agus idirnáisiúnta i gcoitinne.



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

**An Ról agus an Duine**

Tá an ról mar Cheannasaí Mol Digiteach lárnach i mbainistiú agus i bhforbairt straitéiseach an Líonra Dhigitigh (Gteic), an líonra digiteach is mó in Éirinn atá scaipthe ar fud na Gaeltachta. Lonnaithe faoi choimirce Údarás na Gaeltachta, beidh an té a cheapfar freagrach as éiceachóras nuálaíochta digití a threorú agus a neartú, le béim ar fhorbairt ghnó agus ar thacaíocht fiontair.

Éilíonn an post iarrthóir a léiríonn taifead cruthaithe de cheannaireacht straitéiseach, taithí i dtacú le gnólachtaí nuathionscanta ardghníomhacha, agus ardscileanna bainistíochta acmhainní.

Beidh freagracht ar an gCeannasaí straitéisí fadtéarmacha a fhorbairt don Líonra, cláir oiliúna agus meantóireachta a stiúradh, agus buiséid a bhainistiú go héifeachtach.


Déanfaidh sé/sí ionadaíocht don Údarás ar choistí éagsúla agus cothóidh caidrimh láidre le páirtithe leasmhara chun fás réigiúnach a chinntiú agus an Ghaeilge a neartú i dtimpeallacht dhigiteach.

Tá ardleibhéal Gaeilge scríofa agus labhartha riachtanach chun an Líonra Digiteach a chur chun cinn mar spás nuálaíoch dátheangach.

Beidh an post seo lonnaithe i gceann d'oifigí Údarás na Gaeltachta.

Tá Polasaí Oibre Cumaisc i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta; tá an polasaí forbartha i gcomhréir leis an gCreat-Pholasaí Oibre Cumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe in 2022. Beidh deis iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc tar éis thréimhse phromhaidh an phoist a bheith curtha i gcrích.

## Struchtúr na hEagraíochta




## Rialachas

Tuairisceoidh an Ceannasaí Mol Digiteach go díreach don Stiúrthóir Fiontair, Fostaiochta agus Inbhuanaitheachta



Séamus Daltún
Déan teagmháil le seamus@daltun.ie

**CEANNASAÍ MOL DIGITEACH**

**Sonraíocht Imlíneach Poist**

Teideal an Phoist: Ceannasaí Mol Digiteach

Tréimhse an Chonartha: Buan

Tuairisciú: Stiúrthóir Fiontair, Fostaiochta agus Inbhuanaitheachta

Aidhm an róil:
Beidh Ceannasaí Mol Digiteach i gceannas ar thionscnaimh nuálaíochta a thiomáint ar fud an Líonra Dhigitigh (Gteic), ag tacú le gnólachtaí nuathionscanta ardghníomhacha, ag forbairt cláir mheantóireachta agus oiliúna, ag neartú rannpháirtíocht phobail, agus ag cur na Gaeilge chun cinn i dtimpeallacht dhigiteach, trí éiceachóras láidir nuálaíochta a chothú ar fud na Gaeltachta.

Príomhdhualgais an Róil:

**1. Gnólachtaí Nuathionscanta Ardghníomhacha & Fás Gnó:**

- Díriú ar ghnólachtaí nuathionscanta ardghníomhacha a aithint, a chothú, agus tacú leo trí threoir saincheaptha agus cosán fháis a thairiscint.
- Timpeallacht a chothú a spreagann nuálaíocht, fiontraíocht, agus inscálaitheacht, ag cabhrú le gnólachtaí nuathionscanta aistriú ó ghnólachtaí luathchéime go fiontair rathúla.
- An Mol Digiteach Gteic a chur chun cinn mar phríomhionad do ghnólachtaí nuathionscanta chun fás, ag tairiscint acmhainní nuashonraithe agus spásanna comhoibríocha.

**2. Meantóireacht & Tacaíocht Chomhairleach:**

- Gnólachtaí a nascadh le meantóirí, comhairleoirí, agus saineolaithe ábhartha ó thionscail éagsúla chun comhairle leanúnach agus comhroinnt eolais a sholáthar.
- Cabhrú le gnólachtaí a n-oibríochtaí a scálú, láithreoireachtaí infheistíochta a fhorbairt, agus deiseanna maoinithe luathchéime a threorú.

**3. Áis Forbartha Gnó & Oiliúna:**

- An Mol Digiteach a fhorbairt agus a chur chun cinn mar áis oiliúna den scoth, ag tairiscint réimse clár forbartha gairmiúla saincheaptha do riachtanais aitheanta do ghnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí áitiúla agus idirnáisiúnta, grúpaí pobail.
- Deiseanna a aithint chun seirbhísí an Mhoil a leathnú mar ionad oiliúna digiteach, ag óstáil ceardlanna, seimineáir, agus deimhnithe chun an fórsa saothair a uas-sciliú agus fás fiontraíochta a chothú.
- Rochtain ar acmhainní gnó a éascú , mar shampla, comhairle maoinithe, comhairle dlí, agus uirlisí pleanála gnó, chun tacú le forbairt gnólachtaí nuathionscanta, agus gnólachtaí áitiúla, státseirbhísigh agus comhlachtaí stáit.
- Oibriú go dlúth le comhpháirtithe forbartha gnó, institiúidí oideachais, agus páirtithe leasmhara áitiúla chun cláir oiliúna agus forbartha acmhainní a thairiscint do phobal níos leithne.
- Rátaí áitíochta an líonra digiteach ar fud réigiúin na Gaeltachta a mhéadú trí na háiseanna a chur chun cinn agus an tairiscint táirgí a fhorbairt chun na riachtanais a mheaitseáil.

**4. Comhdhálacha & Líonrú:**

- Comhdhálacha, imeachtaí líonraithe, agus ceardlanna sonracha don tionscal a eagrú agus a óstáil chun comhoibriú, foghlaim, agus forbairt ghnó a chothú i measc fiontar áitiúil, gnólachtaí nuathionscanta, agus an phobail.
- Caidrimh a thógáil agus a chothú go gníomhach le páirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áirítear infheisteoirí, ceannairí gnó, fiontair áitiúla, agus grúpaí deonacha chun a chinntiú go



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

bhfanann an Mol Digiteach mar spás lárnach líonraithe do nuálaíocht, comhoibriú, agus saibhriú an phobail áitiúil.
- Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag spreagadh líonrú trasteorann, infheistíocht, agus leathnú gnó.

**5. Comhairle & Tacaíocht Infheistíochta:**
- Tacaíocht a sholáthar do ghnólachtaí nuathionscanta maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna infheistíochta trína gceangal le hinfheisteoirí féideartha, caipitlithe fiontair, agus comhlachtaí maoinithe.
- Treoir a thairiscint maidir le hullmhú do bhabhta infheistíochta, lena n-áirítear forbairt plean gnó, ullmhú cur i láthair, agus réamhaisnéisiú airgeadais.
- Cruinnithe infheisteoirí, imeachtaí láithreoireachta, agus aontaí maoinithe a eagrú chun gnólachtaí nuathionscanta a cheangal le foinsí caipitil.

**6. Rannpháirtíocht Phobail & Naisc Áitiúla a Thógáil:**
- Caidrimh a láidriú le gnólachtaí áitiúla, grúpaí deonacha, institiúidí oideachais, agus eagraíochtaí pobail chun líonra láidir tacaíochta áitiúil a chruthú do ghnólachtaí nuathionscanta agus tionscnaimh dhigiteacha.
- Comhoibriú trasearnála a éascú idir gnólachtaí nuathionscanta, rialtas áitiúil, agus grúpaí pobail lena chinntiú go gcuireann an Mol Digiteach le beocht shóisialta agus eacnamaíoch an cheantair.
- Tacaíocht a thabhairt do ról an Mhoil Dhigitigh i gcur chun cinn tionscnamh dírithe ar an bpobal a théann chun tairbhe gnólachtaí áitiúla agus cónaitheoirí araon.

**7. Cur Chun Cinn na Gaeilge & na hInbhuanaitheachta:**
- Tacú le húsáid na Gaeilge sa Mhol Digiteach, ag tairiscint acmhainní, imeachtaí, agus cláir a chomhtháthóidh an Ghaeilge i nuálaíocht dhigiteach agus i bhfiontraíocht.
- A chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht leabaithe i ngach tionscnamh, ó chleachtais neamhdhíobhálacha don chomhshaol go cur chun cinn teicneolaíochtaí glasa laistigh den Mhol agus tacú le gnólachtaí inbhuanaithe.

**8. Buiséadú agus Réamhaisnéisiú:**
- Oibriú laistigh den bhuiséad, caiteachas a réamh-mheas agus a rianú, le tuairisciú rialta don fhoireann bhainistíochta sinsearaí.
- Maoiniú tríú páirtí a bhaint amach chun inmharthanacht airgeadais fadtéarmach an líonra dhigitigh a chinntiú.

**9. Bainistíocht Áiseanna & TF:**
- Tacú leis an rannóg Maoine a dhéanfaidh maoirseacht ar bhainistíocht laethúil áiseanna fisiciúla an Mhoil Dhigitigh, ag cinntiú go bhfanfaidh an spás feidhmiúil, dea-chothabháilte, agus feistithe chun freastal ar riachtanais tionóntaí, gnólachtaí nuathionscanta, agus cuairteoirí.
- Sceidealú agus infhaighteacht seomraí cruinnithe, spásanna comhoibre, agus ionaid imeachtaí a bhainistiú, ag cinntiú úsáid éifeachtach agus oibríochtaí réidhe.
- Comhoibriú leis an bhfoireann TF chun a chinntiú go bhfuil bonneagar TF an Mhoil Dhigitigh (lena n-áirítear crua-earraí, bogearraí, agus líonraí) láidir, slán, agus in ann tacú le hoibríochtaí gnó agus tionscnaimh oiliúna digiteaí.
- Maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar, suiteáil, agus cothabháil an trealaimh theicniúil riachtanach ar fad, lena n-áirítear stáisiúin oibre, uirlisí closamharc, agus teicneolaíochtaí comhoibrithe digiteacha.
- Ag obair leis an bhfoireann TF chun polasaithe TF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag cinntiú go bhfuil rochtain iontaofa ag gach úsáideoir an Mhoil Dhigitigh ar uirlisí riachtanacha agus go bhfuil caighdeáin slándála sonraí agus príobháideachta á gcomhlíonadh.



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

- Mar thacaíocht don Rannóg ag cinntiú go bhfuil cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta á gcomhlíonadh, ag cloí leis na ráitis, agus polasaithe Sláinte agus Sábháilteachta cuí, ag forbairt polasaithe nuair is gá.
- Beidh bainistíocht buiséid - idir chaipitil agus reatha - ríthábhachtach i dtacú leis na Ranna TF agus Maoine chun na cuspóirí a theastaíonn sna réimsí seo a bhaint amach.

**10. Forbairt & Tacaíocht do Theicneolaíochtaí Nua & Fiontraithe:**

- Coinneáil chun tosaigh ar threochtaí atá ag teacht chun cinn i dteicneolaíocht agus i nuálaíocht dhigiteach chun a chinntiú go gcuireann an Mol Digiteach timpeallacht nua-aimseartha ar fáil d'fhiontraithe, ag soláthar tacaíocht do chuideachtaí le digitiú agus inbhuanaitheacht.
- Forbairt teicneolaíochtaí nua a chothú trí rochtain a thabhairt do ghnólachtaí nuathionscanta ar na huirlisí, acmhainní, agus an saineolas is déanaí atá ag teastáil chun a dtáirgí nó seirbhísí a scálú.
- Comhpháirtíochtaí a thógáil le cuideachtaí teicneolaíochta, institiúidí taighde, institiúidí tríú leibhéal, comhlachtaí rialtais agus moil nuálaíochta chun teicneolaíochtaí agus deiseanna nua a thabhairt isteach sa Mhol Digiteach.
- Cláir speisialaithe nó gorlanna dírithe ar fhiontraithe a chruthú i bhforbairt agus i dtráchtálú teicneolaíochtaí nua nó réitigh dhigiteacha.
- Tacaíocht shaincheaptha a sholáthar d'fhiontraithe teicneolaíochta, ag cabhrú leo samhlacha gnó nuálacha a fhorbairt, ceangal leis an saineolas teicniúil ceart, agus rochtain a fháil ar dheiseanna maoinithe agus margaidh.

<u>Luach Saothair agus Sochair</u>

Mar seo a leanas a bheidh an pacáiste comhdhéanta:

- Is é an ráta buntuarastail reatha don phost ná €104,971-€129,841* (ráta ranníocaíochta pinsin phearsanta) in aghaidh na bliana; áirítear san ollphá seo ranníocaíochtaí an fhostaí chuig scéim aoisliúntais earnála poiblí iomchuí.
  *Is féidir go n-íocfar incrimint fadseirbhíse tar éis 3 (IFS1) agus 6 (IFS2) bliana de sheirbhís shásúil ag an bpointe is airde ar an scála.

- Tá scéimeanna aoisliúntais earnála poiblí ranníoca reachtúla i bhfeidhm. Baineann asbhaintí eile ó thuarastal seirbhíseach poiblí faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009, leis an bpost seo.

- D'fhéadfadh feidhm a bheith le pá agus coinníollacha éagsúla sa chás gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí a bhí sa duine a cheapfar díreach roimh an gceapachán.

- I gcomhréir le polasaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe, ní dhéantar soláthar do nithe mar charr, íocaíochtaí bónais ná árachais sláinte maidir leis an bpost seo.

<u>Speansais</u>

- Íocfar costais taistil (míleáiste san áireamh) agus chothabhála ag cibé rátaí agus faoi réir cibé coinníollacha a chinnfidh an tÚdarás ó am go ham le ceadú an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe.

**ÚDARÁS NA GAELTACHTA**

**CEANNASAÍ MOL DIGITEACH**

**Próifíl Imlíneach Iarrthóra**

Cáilíochtaí Acadúla

Oideachas go dtí leibhéal cuí do Phríomhoifigeach in eagraíocht Stáit, a bheidh nasctha le cáilíocht iarchéime nó cáilíocht ghairmiúil chuí eile.

Eolas, Scileanna agus Taithí

**Seo thíos na riachtanais inmhianaithe don phost seo.**

Beidh taithí chruthaithe ceannaireachta agus taifead cruthaithe gnóthachtála 5 bliana ar a laghad ag an té a cheapfar in dhá cheann nó níos mó de na réimsí seo a leanas, chomh maith le hardleibhéal Gaeilge agus Béarla agus taithí chruthaithe ar théacs cruinn a sholáthar agus sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta sa dá theanga:

- Taithí chruthaithe ag plé le gnólachtaí nuathionscanta ardghníomhacha, forbairt nuálaíochta digití, agus tacaíocht d'fhiontraithe a bhainistiú.
- Taithí chruthaithe ar chláir meantóireachta agus comhairleacha gnó a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhiontair luathchéime.
- Taithí chruthaithe ar thionscnaimh oiliúna digiteacha agus cláir forbartha gairmiúla a dhearadh agus a sheachadadh.
- Taithí chruthaithe ar imeachtaí líonraithe, comhdhálacha agus ceardlanna a eagrú a thacaíonn le héiceachóras nuálaíochta.
- Inniúlacht agus taithí i mbainistíocht buiséid chaipitil agus reatha, pleanáil acmhainní agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas.
- Taithí ar chaidrimh a fhorbairt le hinfheisteoirí, comhpháirtithe straitéiseacha agus eagraíochtaí forbartha gnó náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Ábaltacht foirne ilfheidhmeacha a threorú agus comhoibriú le soláthraithe seirbhísí tríú páirtí chun seirbhísí Mol Digiteach a sheachadadh.
- Cumas chun fadhbanna casta a réiteach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le forbairt an gheilleagair dhigitigh.
- Cumas láidir agus claonadh i dtreo na nuálaíochta agus tuiscint ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.
- Eolas domhain ar an éiceachóras digiteach in Éirinn agus ar eagraíochtaí tacaíochta fiontraíochta.
- Tuiscint ar na dúshláin agus na deiseanna atá ann don Ghaeilge agus don Ghaeltacht i dtimpeallacht dhigiteach.

**Tréithe Pearsanta**

Léireoidh an té a cheapfar inniúlachtaí ábhartha atá forbartha do phostanna ardleibhéil san earnáil phoiblí:

- Beidh scileanna ceannasaíochta den scoth léirithe ag an té a cheapfar agus an cumas cruthaithe an Líonra Digiteach (Gteic) a threorú mar éiceachóras nuálaíochta ina bhfuil an Ghaeilge, digitiú agus inbhuanaitheacht lárnach.



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

- Beidh ardscileanna cumarsáide sa Ghaeilge agus sa Bhéarla aige nó aici agus beidh ar a c(h)umas caidrimh láidre a fhorbairt le fiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta, infheisteoirí, institiúidí oideachais agus pobail áitiúla.
- Beidh an cumas cruthaithe aige nó aici tairiscintí luacha digiteacha a fhorbairt atá sofhreagrach do riachtanais athraitheacha an mhargaidh agus na teicneolaíochta, le solúbthacht chun dul in oiriúint do dhúshláin nua.
- Beidh tuiscint shoiléir, nó an cumas tuiscint shoiléir a shealbhú go tapa, ar riachtanais ghnólachtaí nuathionscanta agus fiontar áitiúil sa timpeallacht dhigiteach, agus ar na bealaí is éifeachtaí chun tacú leo.
- Beidh taithí léirithe ó thaobh straitéisí forbartha gnó a fhorbairt agus a bhainistiú agus an cumas monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar rátaí áitíochta, caiteachas agus torthaí.
- Beidh tiomantas don Ghaeilge agus don Ghaeltacht léirithe aige nó aici agus díograis chun an Ghaeilge a úsáid agus a chothú mar chuid lárnach den nuálaíocht dhigiteach.
- Beidh taithí léirithe ó thaobh tionscnaimh chomhoibríocha a fhorbairt, acmhainní a bhainistiú go héifeachtach, agus a chinntiú go gcuireann an Líonra Digiteach le beocht shóisialta agus eacnamaíoch na bpobal Gaeltachta.

Tacaíonn an Creat Cumais leis an tSeirbhís Shibhialta agus Phoiblí chun Lucht Saothair na Todhchaí a thógáil. Is é ár n-uaillmhian éagsúlacht daoine a mhealladh, a chumhachtú agus a fhorbairt, le cumas agus tallann chun barr feabhais a sheachadadh go comhoibríoch, thar ceann ár Rialtas agus mhuintir na hÉireann.

Éilíonn iniúchadh agus neartú Cumais orainn machnamh a dhéanamh ar an duine iomlán, a scileanna, iompraíochtaí, luachanna, spreagadh, láidreachtaí, eolas, agus spéiseanna. Tacaíonn na fachtóirí seo lenár gcur chuige i leith earcaíochta agus forbartha agus muid ag leanúint ar aghaidh ag tógáil eagraíocht nuálach, ghairmiúil agus sholúbtha.

Trí thaighde forleathan, chinneamar na cumais atá ag teastáil chun ár lucht saothair sa todhchaí a thógáil. Sonraíonn an creat thíos na gnéithe Cumais atá riachtanach do róil ag leibhéil éagsúla laistigh den tSeirbhís Shibhialta

## Príomhoifigeach

### Ag Ullmhú Don Todhchaí

Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn glacadh le hathruithe agus le nuálaíocht. Déanaimid ár ndícheall straitéis ionchuimsitheach atá dírithe ar an gcustaiméir a chruthú, ina bhfuil fís a chuireann athruithe comhshaoil, sóisialta agus teicneolaíochta san áireamh. Trí chur chuige solúbtha ina bhfuil cúrsaí digiteacha chun tosaigh a chur i bhfeidhm, cuirfimid uasoiliúint ar fáil agus athróimid agus cuirfimid feabhas ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí ar bhonn leanúnach chun dul i ngleic le riachtanais reatha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo.

#### Béim ar Chúrsaí Digiteacha, Nuálaíocht agus Uasoiliúint don Todhchaí

**Béim ar Chúrsaí Digiteacha**

- Cuireann an duine an clár ina bhfuil cúrsaí digiteacha chun tosaigh chun cinn trína chinntiú go dtugtar tús áite d'uirlisí digiteacha agus do réitigh TF agus go gcuirtear i bhfeidhm iad

**Nuálaíocht agus Feabhsú Leanúnach**

- Cuireann an duine réitigh nuálacha, chruthaitheacha agus phraiticiúla i bhfeidhm agus spreagann siad réitigh den chineál seo, agus déanann siad iarracht réitigh a fheabhsú i gcónaí
- Cruthaíonn an duine timpeallacht oscailte ina bhfuil iontaoibh chun tosaigh agus ina spreagtar daoine chun ceisteanna a chur, chun rioscaí tomhaiste a ghlacadh agus chun ceachtanna a fhoghlaim ó bhotúin

**Uasoiliúint don Todhchaí**

- Tá an duine díograiseach maidir lena gcuid saineolais, eolais agus scileanna féin a fhorbairt don todhchaí
- Cinntíonn siad go bhforbraíonn a ndaoine agus an Eagraíocht ullmhacht don todhchaí agus go gcothaítear daoine cumasacha chun dul i ngleic le riachtanais reatha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo
- Lorgaíonn an duine deiseanna forbartha ar bhealach gníomhach agus déanann siad machnamh ar thaithí foghlama go rialta, agus tuigeann siad a mbuanna agus a laigí féin

#### Straitéis, Athruithe agus Athchóiriú

**Cumas agus Fís Straitéiseach**

- Forbraíonn an duine fís shoiléir agus plean straitéiseach dá réimse, leagann siad spriocanna amach a thagann le spriocanna Eagraíochta/Rialtais
- Cuireann an duine go gníomhach le forbairt straitéisí, pholasaithe agus spriocanna ginearálta na hEagraíochta/Roinne agus an Rialtais
- Déanann an duine measúnú ar rath agus thionchar na straitéisí reatha agus cuireann siad athruithe i bhferidhm de réir mar is gá

**Tuiscint ar Chomhthéacs agus Solúbthacht**

- Tá tuiscint mhaith ag an duine ar Pholasaithe Státseirbhíse níos ginearálta agus ar fhorbairtí cuí san Earnáil Phoiblí agus san Earnáil Phríobháideach



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

- Bíonn an duine ag súil le, glacann siad le agus tugann siad freagairt ar fhorbairtí san earnáil agus sa timpeallacht sheachtrach, déanann siad athbhreithniú agus leasú ar phleananna straitéiseacha agus/nó oibríochta, de réir mar is gá

**Athruithe agus Athchóiriú a chur i bhfeidhm**

- Tugann an duine treoir do dhaoine eile le linn tréimhsí ina bhfuil athruithe agus athchóiriú á chur i bhfeidhm – cuireann an duine fís shoiléir in iúl, éisteann siad le haiseolas agus téann siad i ngleic le ceisteanna
- Tugann an duine treoir maidir le hathruithe suntasacha agus athchóiriú a chur i bhfeidhm, déanann siad measúnú criticiúil ar athruithe molta agus cuireann siad na leasuithe is fearr is féidir i bhfeidhm
- Éisteann an duine le agus tugann siad freagairt ar bhealach cuí ar cháineadh nó sa chás a bhfuil drogall ar dhaoine glacadh le hathruithe

## Soláthar atá Bunaithe ar Fhianaise

Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn cinntí eolacha atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, spriocanna a chur in ord tosaíochta agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar acmhainní, trí úsáid a bhaint as eolas cuí chun torthaí a mheas chun na torthaí is fearr a chinntiú do na daoine ar a bhfreastalaímid.

### Barr Feabhais a Sholáthar

**Tugann an duine tús áite don Obair, d'Acmhainní agus do Chaighdeáin**

- Déanann an duine bainistíocht éifeachtach ar chláir éagsúla agus ar chláir oibre shuntasacha, tugann siad acmhainní amach nó aimsíonn siad acmhainní chun freastal ar thosaíochtaí
- Déanann an duine maoirseacht agus monatóireacht ar dhul chun cinn chun torthaí a bhaint amach i gcomparáid le príomhspriocanna Eagraíochta agus le tosaíochtaí i bpleananna gnó
- Cinntíonn an duine go leagtar ardchaighdeáin amach agus go gcloítear leo, tugann siad treoir le dea-shampla chun daoine a eile a spreagadh chun a bheith díograiseach maidir le caighdeáin

**Cuntasacht, Freagracht agus Rialáil**

- Tugann an duine eolas cuí do pháirtithe leasmhara agus d'fhorais/d'fheidhmeannaigh rialála go rialta ar bhealach cruinn
- Ina bhfoireann/bhfoirne, cuireann an duine an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht, luach ar airgead, comhlíonadh polasaithe/prótacail agus riachtanais rialála corparáidí chun cinn
- Glacann an duine freagracht astu féin agus as an bhfoireann

**Foghlaim, Freagairt, Measúnú agus Feabhsú**

- Faigheann an duine tuiscint ar thascanna/róil nua go sciobtha, cuireann siad ceisteanna chun tuiscint a fháil ar riachtanais, eolas cuí agus íogaireacht
- Tá an duine solúbtha agus acmhainneach agus iad ag dul i ngleic le deacrachtaí agus le héilimh nua
- Lorgaíonn an duine aiseolas agus déanann siad measúnú ar thorthaí i gcomparáid le torthaí a bhí ag teastáil, foghlaimíonn siad ón méid a dhéanann siad ar bhealach freagrúil agus cuireann siad feabhas ar mhodhanna/phróisis

### Anailís a Chinntiú, Breithiúnas a Thabhairt agus Cinntí a Dhéanamh

**Anailís agus Measúnú agus Cumas Réasúnaíochta Criticiúla**

- Is féidir leis an duine sonraí ó fhoinsí éagsúla a bhailiú agus anailís agus measúnú criticiúil a dhéanamh orthu go sciobtha, chun eolas tábhachtach a aithint
- Cinntíonn an duine go mbailíonn agus go mbaineann an fhoireann/Eagraíocht úsaid as sonraí chun cur le cinntí a dhéanfar amach anseo
- Déanann an duine anailís agus measúnú ar eolas casta ó bhéal agus ar eolas uimhriúil casta, m.sh. polasaithe, straitéisí, buiséid nó staitisticí

**Ceisteanna agus Castacht a Bhainistiú**

- Déanann an duine bainistíocht éifeachtach ar chásanna casta agus éiginnte agus téann siad i ngleic le ceisteanna láithreach bonn, déanann siad cinneadh sciobtha agus muiníneach maidir leis na bearta is fearr
- Réitíonn an duine fadhbanna ar bhealach eolach, loighciúil agus stuama, lorgaíonn siad tuairimí breise de réir mar is gá

**Breithiúnas Eolach a Thabhairt agus Cinntí Eolacha a Dhéanamh**

- Tugann an duine breithiúnas cothrom agus déanann siad cinntí cothroma, baineann siad úsáid as fianaise, taithí agus polasaithe/nósanna imeachta cuí mar aon le ceisteanna/híogaireacht chomhthéacsúil



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

- Déanann an duine cinntí tábhachtacha, práinneacha nó deacra ar bhealach cuí, pras agus eiticiúil, cuireann siad na himpleachtaí ginearálta, ceisteanna rialála agus íogaireacht pholaitíochta san áireamh
- Roinneann an duine an réasúnaíocht atá taobh thiar de chinntí a dhéantar, chun trédhearcacht a chinntiú agus chun muinín agus iontaoibh a chothú

## Treoir a Thabhairt agus Cumhacht a Thabhairt

Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn treoir a thabhairt inár réimsí saineolais, daoine eile a spreagadh agus fís shoiléir a chruthú Táimid tiomanta d'fhorbairt a dhéanamh ar, do thacaíocht agus do chumhacht a thabhairt dár gcomhghleacaithe chun gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach agus chun timpeallacht oibre dhearfach agus ionchuimsitheach a chruthú, ina bhfuil obair gach duine luachmhar.

### Treoir a Thabhairt, Daoine a Spreagadh agus Forbairt a Dhéanamh

**Feidhmíocht a Fhorbairt, a Spreagadh agus Tacú Léi**

- Cinntíonn siad go bhfaigheann a bhfoireann deiseanna forbartha, tugann siad tionscadail amach ar bhealach straitéiseach agus cuireann siad oiriúnacht an duine aonair agus riachtanais/práinn na dtionscadal san áireamh
- Tacaíonn an duine le hardfheidhmíocht agus spreagann siad ardfheidhmíocht trí aitheantas, threoir, oiliúint agus aiseolas rialta a chur ar fáil
- Baineann an duine úsáid as teicnící bainistíochta feidhmíochta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus cuireann siad na teicnící seo chun tosaigh

**Fís, Cuspóir agus Inchreidteacht**

- Spreagann an duine a bhfoireann agus tugann siad daoine leo, trí inchreidteacht, iontaoibh agus díograis a léiriú agus trí luachanna na hEagraíochta a chur chun cinn, le dea-shampla
- Cruthaíonn an duine fís shoiléir don fhoireann, cuireann siad an cuspóir agus tionchar ginearálta i gcuimhne dóibh
- Tugann an duine treoir ar bhealach ionraic, macánta, trédhearcach agus freagrach

**Cumhacht a Thabhairt, Sábháilteacht Shíceolaíoch agus Cuimsiú**

- Cruthaíonn an duine timpeallacht foirne atá ionchuimsitheach agus sábháilte ag leibhéal síceolaíochta, ina dtugtar cumhacht do gach ball agus ina léirítear muinín as agus meas ar gach ball
- Mar cheannaire, cuireann an duine comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn, cuireann siad bearta fiúntacha i bhfeidhm trí obair a rannóg agus trí thacú le lucht saothair ina bhfuil éagsúlacht le brath

**Éirim Shóisialta agus Mhothúchánach**

- Tugann an duine tús áite dá bhfolláine féin agus d'fholláine dhaoine eile ar bhealach oscailte, cuireann siad cultúr ina bhfuil an tacaíocht, an chomhbhá agus an tuiscint chun tosaigh
- Léiríonn an duine féinthuiscint ardleibhéil agus an cumas a gcuid mothúchán agus iompair féin a bhainistiú, go háirithe i gcásanna dúshlánacha

### Treoir a thabhairt trí Thuiscint Speisialtachta

**Cuir le hObair trí Shaineolas**

- Léiríonn an duine ardleibhéal saineolais speisialtachta agus eolais ina réimse
- Cuireann an duine le hobair na rannóige trí úsáid a bhaint as a saineolas speisialtachta chun freastal ar riachtanais ghnó agus cur le beartas nó straitéis níos ginearálta

**Treoir a Thabhairt agus Abhcóideacht a Dhéanamh**

- Tugann an duine treoir trí thuiscintí, eolas, fhianaise agus réasúnaíocht a roinnt ar bhealach oscailte agus neamhtheicniúil
- Cuireann an duine luach a réimse/saineolais chun cinn agus míníonn siad an luach seo agus an fáth a bhfuil sé riachtanach tús áite a thabhairt don réimse
- Aithnítear an duine mar Cheannaire Smaointeoireachta nó mar Shaineolaí ina réimse saineolais, tugann siad treoir, cuireann siad eolas agus ceannaireacht ar fáil

**Gréasáin, Eolas agus Tuiscint a Chothú**

- Déanann an duine líonrú le saineolaithe ag comhdhálacha agus imeachtaí, roinneann siad eolas cuí, ceachtanna a d'fhoghlaim siad agus faigheann siad inspioráid ó dhaoine eile ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Tá an duine tiomanta don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, glacann siad páirt ghníomhach i gcúrsaí, i gcomhdhálacha agus i ngníomhaíochtaí cuí chun a chinntiú go bhfuil a gcuid eolais agus tuiscintí cothrom le dáta



Séamus Daltún
Déan teagmháil le
seamus@daltun.ie

| Cumarsáid agus Comhoibriú |
|---|
| Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn oibriú le chéile, caidrimh a chothú agus comhoibriú le chéile chun cur chuige cuimsitheach Rialtais a éascú. Má dhéanaimid teagmháil agus cumarsáid éifeachtach lenár gcustaiméirí, gcliaint agus gcomhghleacaithe, forbrófar an mhuinín atá acu as ár seirbhísí. |
| **Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt** |
| **Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh agus Éisteacht chun teacht ar Thuiscint**<br>• Déanann an duine cumarsáid agus cuireann siad eolas i láthair ar bhealach soiléir, áititheach agus mealltach, i dtaca le cumarsáid ó bhéal, cumarsáid dhigiteach agus i gcumarsáid scríofa<br>• Léiríonn an duine tuiscint ar a modh cumarsáide féin, agus athraíonn siad a stíl de réir mar is cuí chun freastal ar an lucht éisteachta<br>• Tuigeann an duine tábhacht na héagsúlachta agus déanann siad iarracht ghníomhach daoine éagsúla a spreagadh chun a bheith páirteach, chun dúshláin agus tuairimí éagsúla a chur san áireamh<br>• Déanann an duine cumarsáid ar bhealach trédhearcach do lucht éisteachta seachtrach i réimsí a bhfuil suim ag an bpobal iontu<br>**Scileanna i dtaca le Tionchar a Imirt agus Scileanna Idirbheartaíochta**<br>• Imríonn an duine tionchar ar dhaoine eile ar bhealach tuisceanach agus bíonn siad sásta comhréiteach a dhéanamh nuair is gá<br>• Forbraíonn an duine tuiscint ar an gcomhthéacs, ar íogaireacht agus ar thuairimí éagsúla, agus páirt á glacadh acu i bplé/idirbheartaíocht le grúpaí de pháirtithe leasmhara tábhachtacha agus leis an gcóras polaitíochta<br>• Téann an duine i ngleic le comhráite deacra, coimhlintí nó hidirbheartaíocht le meas, tuiscint, stuaim agus féinmhuinín |
| **Teagmháil agus Comhoibriú** |
| **Líonrú, Ionadaíocht agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara**<br>• Forbraíonn an duine gréasáin úsáideacha agus déanann siad teagmháil le páirtithe leasmhara cuí, laistigh agus lasmuigh dá nEagraíocht/Roinn féin<br>• Déanann an duine comhairliúcháin rialta le páirtithe leasmhara tábhachtacha, déanann siad bainistíocht ar na nithe a bhfuil daoine ag súil leo agus tugann siad an t-eolas is déanaí ar bhealach géarchúiseach agus oscailte<br>• Déanann an duine ionadaíocht don Údarás ar bhealach gairmiúil agus tuisceanach, tapaíonn siad deiseanna chun obair an Údaráis a chur chun cinn de réir mar is cuí<br>**Comhoibriú, Obair Trasfheidhme agus Caidrimh a Bhainistiú**<br>• Baineann an duine úsáid as scileanna idirphearsanta chun dea-chaidrimh oibre a chothú agus a choinneáil ag gach leibhéal, lena n-áirítear i dtimpeallacht ina bhfuil obair chumaisc/hibrideach ar siúl<br>• Baineann an duine an leas is fearr as deiseanna comhoibrithe agus deiseanna chun páirt a ghlacadh in obair trasfheidhme, agus cinntíonn siad nach n-oibríonn a bhfoireann ar bhealach neamhchomhtháite<br>• Bíonn an duine ar an eolas faoi fhorbairtí eagraíochta agus ar an obair a bhíonn á déanamh ag foirne eile, léiríonn siad suim, cuireann siad tuairimí in iúl agus tugann siad tacaíocht do bhainisteoirí sinsearacha eile |
| |

Caithfidh iarrthóirí, gan aon eisceacht, aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist a thabhairt ar aird ag an staid iarratais den phróiseas earcaíochta. Mura ndéanfaidh iarrthóir aon choimhlint leasa den sórt sin a thabhairt ar aird agus go dtagann an choimhlint ar aird ina dhiaidh sin d'fhéadfaí an t-iarrthóir a dhícháiliú ón gcomórtas nó má thairgtear ról don iarrthóir in Údarás na Gaeltachta agus má ghlacann sé nó sí leis ar bhonn eolas míthreorach d'fhéadfaí an duine sin a dhífhostú as an bpost.

## An Próiseas Roghnúcháin

**Le hIarratas a Dhéanamh:**
Seol litir iarratais, mar aon le do CV as Gaeilge, roimh 4:00 i.n., Dé Céadaoin, 23 Iúil 2025
Ní mór CV cuimsitheach a sheoladh ar rphost ag seamus@daltun.ie

**An Dáta Deiridh:**
Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh **4:00 i.n., Dé Céadaoin, 23 Iúil 2025**

Mura bhfaighidh tú admháil ar d'iarratas a bheith faighte laistigh de 24 uair a chloig tar éis duit an t-iarratas a dhéanamh téigh i dteagmháil le do thoil le Séamus Daltún ag 0872466513 (Is ar iarrthóirí atá an fhreagracht a chinntiú go mbeidh iarratais chomhlíonta faighte roimh an spriocdháta atá tugtha).

Coinneofar ar an eolas tú faoin bhfeachtas trí do sheoladh ríomhphoist.

Is ar iarrthóirí atá an dualgas a chinntiú go bhfuil siad ag fáil gach cumarsáid. Comhairlítear duit do chuid ríomhphost a sheiceáil go rialta le linn an chomórtais; coinnigh súil ar fhillteáin Turscair ar fhaitíos go ngabhfadh aon ríomhphost ar seachrán.

Ní ghlacann Séamus Daltún le haon fhreagracht as aon chumarsáid nach n-osclaíonn an t-iarrthóir nó nach bhfaigheann sé nó sí.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh Séamus Daltún agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá tugtha acu ar an bhfoirm iarratais cruinn.

**An Próiseas Roghnúcháin:**

Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa Phróiseas Roghnúcháin:
- Litir iarratais, mar aon le CV as Gaeilge
- Gearrliosta iarrthóirí bunaithe ar eolas a bheidh ina gcuid iarratas (caithfidh iarrthóirí na híoschritéir atá leagtha amach sa cháipéis seo a chomhlíonadh)
- Réamhagallamh/ agallamh tosaigh
- Cur i láthair, Cás-staidéar nó cleachtaí eile
- Agallamh críochnaitheach iomaíoch (bunaithe ar inniúlachtaí)
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith cuí

**Gearrliostú:**
Is gnách go bhfaightear níos mó iarratas ar phost seachas an líon a theastódh chun na folúntais reatha agus amach anseo a líonadh, maidir leis an bpost sin. Ainneoin go gcomhlíon fá riachtanais incháilíochta an chomórtais, sa chás go mbeadh an líon daoine a bheadh ag cur isteach ar an bpost chomh hard agus nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir féadfaidh an Bord Agallaimh a shocrú nach nglaofar ach ar líon níos lú daoine chun agallaimh. Chuige sin déanfar próiséas gearrliostúcháin chun líon daoine a roghnú i gcóir agallaimh arb iad is cosúil, bunaithe ar na hiarratais agus CVanna a bheith scrúdaithe, is oiriúnaí don phost. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú i leith critéir réamhshocraithe atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hé sin le rá go gcaithfidh go mbeadh iarrthóirí eile mí-oiriúnach don phost nó nach mbeidís in ann dul i mbun an phoist, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a dhealraíonn, bunaithe ar a gcuid iarratas, a bheith níos cáilithe don phost agus/nó taithí níos ábhartha acu. Dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach cuntas beacht mionsonraithe a thabhairt ar do chuid san iarratais agus ar do CV.

**Rúndacht :**
Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014 caithfear le hiarratais le lánrúndacht.

**Eolas Tábhachtach Eile**
Ní bheidh aon fhreagracht ar Shéamus Daltún as aon chostais a thabhóidh iarrthóirí.

Ní hionann ligean isteach duine ar chomórtas nó cuireadh a thabhairt chun agallaimh dó/di nó fógra gur éirigh le duine agus a thabhairt le tuiscint go bhfuil An Bord Agallaimh sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais nó nach bhfuil an duine dícháilithe faoin dlí ó thaobh an phoist sin a líonadh agus níl aon bharántas ann go ndéanfar d'iarratas a bhreithniú tuilleadh. Tá sé tábhachtach mar sin go dtabharfaí ar aird gur ortsa atá an dualgas a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilíochta don chomórtas sula dtiocfaidh tú chun agallaimh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála ach go dtagann tú chuig agallamh ní bheidh tú ach ag cur costais ort féin.
Sula molfaidh an Bord Agallaimh aon iarrthóir chun a c(h)eapadh sa phost déanfaidh siad gach fiosrúchán a mheasfar a bheith cuí le hoiriúnacht an iarrthóra a chinntiú. Go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go bhfuil a leithéid de chinneadh déanta.

Sa chás go n-eiteoidh an duine a mholtar don phost an post nó má ghlacann sé nó sí leis agus ansin tarraingt siar as nó má thagann folúntas breise chun cinn féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh sa phost bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe.

**Cearta Iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnaithe**
Breithneoidh Séamus Daltún iarratais ar athbhreithniú de réir fhorálacha na gcód cleachtas arna bhfoilsiú ag an CCSP. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ag http://www.cpsa.ie/.

Sa chás go mbeadh iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh maidir lena n-iarratas (agus an roghnú á bhainistiú ag Séamus Daltún) féadfaidh siad aiseolas a lorg ó Shéamus Daltún. Déanfaidh teagmhálaí earcaíochta an iarrthóra an chéad athbhreithniú go hinmheánach faoin gcúis nár éirigh lena n-iarratas. Seolfar toradh an athbhreithnithe sin i scríbhinn chuig an iarrthóir.

- Leis an gcéad athbhreithniú a iarraidh caithfidh iarrthóir scríobh chuig Séamus Daltún laistigh de 5 lá oibre ón fhógra a fháil faoin gcinneadh maidir lena n-iarratas. Déanfaidh Séamus Daltún an chéad athbhreithniú gan mhoill. Má bhíonn an t-iarrthóir míshásta leis an toradh féadfaidh siad dul i mbun an nós imeachta foirmiúil laistigh de 2 lá oibre i ndiaidh dóibh an fógra faoi thoradh an chéad athbhreithnithe a fháil.
- Mura mbíonn an t-iarrthóir sásta le toradh an chéad athbhreithnithe cuirfear ar aghaidh é go dtí an Stiúrthóir Cuntais a fheidhmíonn mar eadránaí cinnidh.
- Is duine nach mbeidh baint aige nó aici leis an bpróiseas roghnúcháin a bheidh san eadránaí cinnidh agus déanfaidh sé nó sí eadrán maidir le hiarratais ar athbhreithniú. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an eadránaí cinnidh.

**Oibleagáidí Iarrthóirí**
Tabharfaidh iarrthóirí ar aird go ndéanfaidh canbhásáil iarrthóir a dhícháiliú.

**Ní dhéanfaidh iarrthóirí:**

- Eolas falsa a chur ar fáil ceann ar aghaidh nó go meargánta
- Canbhásáil ar aon duine le haslú ná gan aslú
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó baint de
- Tríú páirtí a chur isteach á bpearsanú ag aon staid den phróiseas
  Aon duine a sháróidh na forálacha thuas nó aon duine a chuideoidh le duine eile chun na forálacha thuas a shárú beidh sé ciontach i gcion. Dlífear fíneáil/nó príosúnacht a ghearradh ar dhuine a chiontófar i gcion.

Chomh maith leis sin i gcás duine a bheidh ciontaithe i gcion a bheith nó a bhí ina iarrthóir ag próiseas earcaíochta:

- Sa chás nach mbeidh sé/sí ceaptha i bpost, déanfar é/í a dhícháiliú mar iarrthóir; agus
- Sa chás é /í a bheith ceaptha i ndiaidh an phróisis earcaíochta atá i gceist forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

**Critéir shonracha iarrthóra:**
**Ní mór d'iarrthóirí:**

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu le dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh
- A bheith oiriúnach ar bhonn carachtair
- A bheith oiriúnach ar gach bealach cuí eile le ceapadh sa phost atá i gceist

Agus má éiríonn leo ní cheapfar sa phost iad go dtí:

- Go n-aontóidh siad glacadh leis na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go nglacfaidh siad leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó na coinníollacha faoina gcaithfí na dualgais a chomhlíonadh
- Go bhfuil siad go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go bhfuil siad go hiomlán ábalta tabhairt fúthu
- Go ndeimhneoidh scrúdú dochtúra go bhfuil siad folláin leis an gceapachán a ghlacadh.

**Iarrthóirí a mheas a bheith tarraingthe siar**
Aon iarrthóir nach ndéanfaidh freastal ar agallamh nó tástáil eile an uair agus an áit a éilíonn An Bord Agallaimh nó nach soláthraíonn, arna éileamh cibé fianaise atá riachtanach maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarratas, ní bheidh sé nó sí i dteideal aon bhreithnithe eile.

**Seirbhís Ardchaighdeáin Custaiméirí**
Sa chás ar aon chúis nach bhfuil tú sásta le haon chuid den tseirbhís a fhaigheann tú iarrtar ort é sin a chur in iúl. Tá sé sin tábhachtach le go mbeadh a fhios againn faoin bhfadhb agus go mbeidh deis againn na bearta cuí a ghlacadh leis an scéal a réiteach. Tabharfar aiseolas i scríbhinn.

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**
Nuair a gheobhaimid d'fhoirm iarratais cruthóimid taifead i d'ainm ina mbeidh go leor den eolas pearsanta a bheidh curtha ar fáil agat. Ní bhainfear leas as an taifead pearsanta sin ach leis an iarratas a phróiseáil agus má éiríonn leat cuirfear eolas áirithe a chuir tú ar fáil ar aghaidh go dtí an eagraíocht fostaíochta. Tá eolas den sórt sin faoi réir na gcearta agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.
Le hiarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 cuir d'iarratas i scríbhinn chuig: Séamus Daltún ag **seamus@daltun.ie** Cinntigh go dtabharfaidh tú an oiread mionchuntais agus is féidir ar na taifid atá uait le go mbeimid in ann a theacht ar an taifead cuí.